

## Cén áit a bhfaighinn breis eolais?

**www.curriculumonline.ie** – Is é seo suíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) mar a bhfaighidh tú príomhdhoiciméid amhail an Creat don tSraith Shóisearach (2015), sonraíocht Eolaíochta na Sraithe Sóisearaí agus Treoirlínte le haghaidh na Measúnuithe Rangbhunaithe agus an Taisc Mheasúnaithe.

**www.juniorcycle.ie** – Faightear anseo Uirlisí Úsáide an Mheasúnaithe a dearadh chun tacú agus chun cabhrú le múinteoirí ina gcuid oibre ar mheasúnú sa tsraith shóisearach.

**www.jct.ie** – Is é seo suíomh gréasáin sheirbhís tacaíochta an SSM. Is é an aidhm atá ag an SSM tacú le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm an Chreata nua don tSraith Shóisearach trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach d'ardchaighdeán a sholáthar do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí agus trí acmhainní éifeachta teagaisc agus foghlama a chur ar fáil.

Laistigh de do roinn féin ar scoil, cuirtear comhoibriú le comhghleacaithe teagaisc chun cinn tríd an am gairmiúil a roinnt eadraibh.

Lean **@JCforTeachers** ar Twitter nó lean an Fhoireann Eolaíochta go díreach trí @jctscience.

Tá foireann de chomhairleoirí lánaimseartha againn ar féidir teagmháil r-phoist a dhéanamh leo ag **info@jct.ie**

## Turas Foghlama san Eolaíocht

Trí chur chuige déach i leith an mheasúnaithe ina mbíonn measúnú rangbhunaithe thar na trí bliana den tsraith shóisearach agus scrúdú deiridh stát-teistithe a mheastar go seachtrach, cruthaítear an chothromaíocht chuí idir scoláirí a ullmhú le haghaidh scrúduithe agus ag an am céanna éascaítear smaointeoireacht chruthaitheach, foghlaim rannpháirteach agus torthaí níos fearr do scoláirí.

**Iniúchadh Turgnamhach Sínte MRB 1**
Bliain 2 Téarma Deiridh
Measúnú Rangbhunaithe, agus AFMÁ ina dhiaidh. Tuairisc tugtha in PGSS ag úsáid Tuairiscíní.

**Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí MRB 2**
Noll/Ean Bhliain 3
Measúnú Rangbhunaithe, agus AFMÁ ina dhiaidh. Tuairisc tugtha in PGSS ag úsáid Tuairiscíní.

**Tasc Measúnaithe**
Téarma 2 de Bhliain 3
Bunaithe ar Thorthaí Foghlama MRB 2. Arna socrú ag CNCM & arna marcáil ag CSS. Is fiú 10% de Ghrád an CSS é.

**Measúnú Deiridh**
Deireadh Bhliain 3
Bunaithe ar shampla de na Torthaí Foghlama. Arna socrú agus arna marcáil ag an CSS. Is fiú 90% de Ghrád an CSS é.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE for teachers

# An tSraith Shóisearach Eolas ar an Eolaíocht

## Spreagann Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí gach scoláire chun


- tuiscint ar an domhan nádúrtha a fhorbairt atá bunaithe ar fhianaise
- forbairt a dhéanamh ar a gcumas chun fianaise a bhailiú agus a mheas
- a gcuid scileanna chun obair a dhéanamh go heolaíoch a dhaingniú agus a dhoimhniú
- éirí níos féintuisceanaí mar fhoghlaimeoirí agus éirí níos inniúla agus níos muiníní ina gcumas chun eolaíocht a úsáid agus a chur i bhfeidhm ina saol laethúil.

## Torthaí Foghlama

Cuirtear síos i dtorthaí foghlama ar an bhfoghlaim atá le déanamh ag scoláirí in Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí. Is ráitis iad sin a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh a dtrí bliana den tsraith shóisearach. Tá 46 toradh foghlama le fáil in Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí, agus iad spréite amach thar chúig shnáithe.



## Struchtúr na Sonraíochta




Tá 4 shnáithe chomhthéacsúla ann - Domhan agus Spás, Domhan Fisiceach, Domhan Bitheolaíoch agus Domhan Ceimiceach agus tugtar iad sin le chéile sa chúigiú snáithe – Nádúr na hEolaíochta. Sa snáithe aontaitheach sin, cumhdaítear: an chaoi a n-oibríonn an eolaíocht, imscrúduithe a dhéanamh, cumarsáid san eolaíocht agus tuiscint a fhorbairt ar ról agus ar ionchur na heolaíochta agus eolaithe sa tsochaí. Tá béim láidir ann ar fhiosrúchán eolaíochta.

## Cur chuige don Mheasúnú ag athrú

De bharr an déchuir chuige i leith an mheasúnaithe tá tábhacht níos mó le measúnú Rangbhunaithe agus le measúnú foirmitheach; is é an dóigh is fearr a bhfoghlaimíonn scoláirí nuair a thugann múinteoirí aiseolas dóibh a chabhraíonn leo a thuiscint conas is féidir a gcuid foghlama a fheabhsú.

## Measúnuithe Rangbhunaithe

Déantar Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna) le linn am ranga. Is Iniúchadh Turgnamhach Sínte é an chéad MRB a tharlaíonn go mall sa dara bliain. Is Iniúchadh Eolaíochta sa tSochaí é an dara MRB agus tarlaíonn sé sin go luath sa tríú bliain. Is féidir le scoláirí roghnú ó thopaicí iniúchta éagsúla. Is féidir réimse formáidí a úsáid chun fianaise ar fhoghlaim scoláirí a léiriú. Tá an measúnú seo cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá i ngach rang.

Chun cabhrú le breithiúnas múinteoirí sna MRBnna, leagtar amach Gnéithe Cáilíochta sna Treoirlínte Measúnaithe. Tugann cruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) an deis do mhúinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe a chomhroinnt agus a phlé agus, dá réir sin, teacht ar chomhthuiscint i dtaca le cáilíocht foghlama na scoláirí.

Déantar taifead de bhreithiúnas an mhúinteora le haghaidh an chruinnithe in Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair agus le go bhféadfadh an scoil tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus scoláirí.

Bíonn Tasc Measúnaithe (TM) ann tar éis an 2ú MRB sa 3ú bliain. Is machnamh scríofa é a dhéanann scoláirí le linn gnátham ranga agus seoltar chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) é, i gcuideachta an scrúdaithe dheiridh, le haghaidh a mharcála. Is fiú 10% de mharc an scrúdaithe dheiridh é.

Déantar torthaí na MRBnna agus toradh an CSS a thaifead ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).